Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta

Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht (ar líne)

Tá traidisiún láidir ag Ollscoil na hÉireann, Má Nuad i léann na Gaeilge. Faoi láthair tá ceann de na ranna Nua-Ghaeilge is mó agus is gníomhaí sa tír againn. Le blianta beaga anuas tá cúram ar leith déanta de sholáthar cúrsaí agus scrúduithe sa Ghaeilge fheidhmeach ag an Roinn agus ag Ionad na dTeangacha. I bhfianaise na bhforbairtí atá tagtha maidir le stádas na Gaeilge go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, tá an taithí seo á húsáid le cúrsa den scoth a chur ar fáil do dhaoine atá ag feidhmiú mar aistritheoirí cheana féin agus do dhaoine a bhfuil sé i gceist acu dul ag obair sa ghort sin.

Feidhm an chúrsa

- Tá ráchairt mhór ar sheirbhísí aistriúcháin go Gaeilge ó tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm. Méadóidh an ráchairt seo anois go bhfuil stádas oifigiúil ag an Ghaeilge san Aontas Eorpach i 2007.

- Toisc gur cúrsa ar líne é seo beidh daoine i ngach cearn d'Éirinn, nó fiú i dtíortha thar sáile, in ann é a dhéanamh.

- Tabharfaidh cúrsa páirtaimseartha deis do dhaoine atá ag obair sa réimse cheana leanúint lena gcuid oibre agus barr feabhais a chur ar a scileanna.

- Tabharfaidh an cúrsa deis dóibh siúd a bhfuil caighdeán maith Gaeilge acu cheana féin agus atá ag iarraidh barr feabhais a chur ar a scileanna Gaeilge.

- Cuirtear béim láidir ar scileanna eagarthóireachta sa chúrsa, sa dóigh is go mbeidh na rannpháirtithe in ann a saothar féin agus saothar daoine eile a athbhreithniú go héifeachtach.

- Is ar aistriú téacsanna, seachas an teangaireacht, atá an cúrsa seo dírithe.

Soláthar agus Struchtúr an Chúrsa

Foilseofar ábhair an chúrsa ar Moodle, an comhéadan teagaisc atá in úsáid san Ollscoil. Tabharfar pasfhocal do gach mac léinn le go mbeidh sé/sí in ann an suíomh a rochtain. Beidh fóram ann le haghaidh plé agus díospóireachta. Úsáidfidh na teagascóirí comhfhreagras ríomhphoist chun moltaí agus tráchtaireacht a chur ar fáil faoin obair leanúnach. Eagrófar seimineár deireadh seachtaine amháin i Má Nuad uair in aghaidh na bliana. Is i Meán Fómhair a bhíonn na seimineáir de ghnáth.
Gabhann 60 pointe creidmheasa leis an chúrsa. Maireann an cúrsa dhá bhliain. I Meán Fómhair a chuirtear tús le hobair na bliana acadúla.
Is iad seo a leanas na modúil a thairgfear:

- Cruinneas Gaeilge agus cúrsaí stíle 1, 2 & 3

- Gnéithe den aistriúchán 1, 2 & 3

- Teoiric agus critic an aistriúcháin

- Gairm agus gnó an aistriúcháin

Ábhar an Chúrsa

Bliain a hAon

Cruinneas Gaeilge agus cúrsaí stíle 1 (LC501)

Cumas Gaeilge na rannpháirtithe a fheabhsú trí chleachtaí eagarthóireachta agus trí ghníomhaíochtaí gramadaí a dhíríonn ar phointí deacrachta sa teanga, m.sh. an chopail, rialacha séimhithe, an Caighdeán Oifigiúil vs canúint réigiúnach, srl.

Gnéithe den aistriúchán 1 (LC502)

Beidh an t-ábhar teagaisc agus na gníomhaíochtaí dírithe ar fhadhbanna a thagann aníos go minic san aistriúchán Béarla-Gaeilge. Ina measc seo tá béarlagair, comhaonaid, réim, bearnaí séimeantacha agus difríochtaí comhréire idir an teanga fhoinseach agus an sprioctheanga.

Cruinneas Gaeilge agus cúrsaí stíle 2 (LC503)

Tuilleadh cleachtaí eagarthóireachta agus gníomhaíochtaí teanga a dhíríonn ar phointí deacrachta sa teanga.

Teoiric agus critic an aistriúcháin (LC504)

Díreofar ar ghnéithe den teoiric a bhfuil feidhm phraiticiúil leo, m.sh. leas a bhaint as an tséimeantaic chun fadhbanna aistriúcháin a réiteach, conas critic a dhéanamh ar théacs aistrithe, srl.

Bliain a Dó

Gnéithe den aistriúchán 2 (LC505)

Leanfar den chíoradh ar fhadhbanna coitianta aistriúcháin, go háirithe conas a bhíonn cur chuige an aistritheora ag brath ar an chineál téacs atá le haistriú agus an pobal ar a bhfuil sé dírithe. Cuirfear na rannpháirtithe i ngleic leis na cineálacha téacsanna is mó a aistrítear go Gaeilge, m.sh. téacsanna 'leathoifigiúla' riaracháin, ábhair oideachasúla, scripteanna teilifíse, srl.

Cruinneas Gaeilge agus cúrsaí stíle 3 (LC506)

Leanfar den staidéar ar dheacrachtaí comhréire, litrithe, srl agus díreofar go háirithe ar na dúshláin a bhaineann le nuathéarmaíocht na Gaeilge.

Gnéithe den aistriúchán 3 (LC507)

Leanfar den chíoradh ar na dúshláin a bhaineann le cineálacha áirithe téacs a aistriú m.sh. téacsanna oifigiúla, téacsanna liteartha srl. .

Gairm agus Gnó an Aistriúcháin (LC508)

Súil ar chleachtais ghnó agus ghairme in earnáil an aistriúcháin agus ar na háiseanna ríomhaireachta a éascaíonn an obair m.sh. pacáistí cuimhne aistriúcháin, litreoirí srl.

Measúnú

Bliain 1

Tá 30% de mharcanna iomlána na bliana ag dul don obair leanúnach:

LC501 1 píosa oibre (eagarthóireacht ar théacs)
LC502 1 píosa oibre (aistriúchán)
LC503 1 píosa oibre (eagarthóireacht)
LC504 1 píosa oibre (léirmheas agus tráchtaireacht ar aistriúchán)

Scrúdú i ngach modúl mí na Bealtaine: 70% de mharcanna iomlána na bliana
Pas:60% (an dá mhír san áireamh)

Ní iomprófar aon mharcanna ar aghaidh go dtí an dara bliain

Bliain 2

Tá 30% de mharcanna iomlána na bliana ag dul don obair leanúnach:

LC505 1 píosa oibre (aistriúchán)
LC506 1 píosa oibre (eagarthóireacht agus tráchtaireacht ar théacs)
LC507 1 píosa oibre (aistriúchán)
LC508 1 píosa oibre (aiste)

Scrúdú i ngach modúl mí na Bealtaine**: 70% de mharcanna iomlána na bliana**
Pas: 60% (an dá mhír san áireamh)
Riachtanais iontrála

Bunchéim riachtanach (ní gá go mbeadh an Ghaeilge mar chuid den bhunchéim).

Tuilleadh eolais:
Ionad na dTeangacha,
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
Má Nuad
Co. Chill Dara
Teil: (01) 7086417
R.phost: teanga@nuim.ie

Iarratais ar líne: http://www.pac.ie/pgrad.php?inst=mh&ln=i

Dátaí tábhachtacha

Dáta deiridh iarratais: 01 Meitheamh 2012
Scrúdú iontrála: Dé Sathairn, 15 Meitheamh 2012
Tús an chúrsa: 17 Meán Fómhair 2012